Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15719/17**

**WTO 313**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An dara sraith de Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an 11ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an dara sraith de chonclúidí ón gComhairle maidir leis an 11ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, mar a ghlac an Chomhairle iad ar an 13 Nollaig 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**An dara sraith de Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an 11ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála**

1. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí an córas trádála iltaobhach rialacha-bhunaithe, leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) ina chroílár, a chaomhnú agus a neartú. Chun na críche sin, rinne an AE iarracht láidir sa tréimhse roimh an gComhdháil saincheisteanna lárnacha a chur ar aghaidh leis an gcuspóir go gcabhrófar le WTO a fhorbairt tuilleadh agus an ról a ba cheart a bheith aige sa trádáil dhomhanda sa 21ú haois a imirt. Is oth leis an gComhairle nárbh fhéidir pacáiste uaillmhianach ach réalaíoch agus cothrom a bhaint amach don 11ú Comhdháil Aireachta WTO.

2. I bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair do WTO, is díol sásaimh don Chomhairle an tacaíocht don iltaobhachas agus ról lárnach an WTO a cuireadh in iúl i nDearbhú Buenos Aires a tugadh ag searmanas oscailte an 11ú Comhdháil Aireachta WTO, chomh maith leis an Ráiteas Aireachta Comhpháirteach a d'eisigh 44 chomhalta WTO atá i mbéal forbartha agus forbartha araon ar an 11 Nollaig 2017. Leanfaidh an tAontas de bhealaí a fhiosrú chun WTO a neartú, lena n-áirítear a fheidhmeanna idirbheartaíochta, faireacháin agus breithniúcháin, mar aon le hoibriú éifeachtach an tsásra réitithe díospóide. I ndáil leis an méid sin, measann an Chomhairle gur cheart na folúntais uile ar an gComhlacht Achomhairc a líonadh gan mhoill.

3. Creideann an Chomhairle gur gá leanúint den obair maidir le saincheisteanna a bhfuil suim ag comhaltaí WTO iontu. Tá moltaí déanta ag an Aontas le haghaidh torthaí cothroma, réasúnta ag an gComhdháil Aireachta maidir le tacaíocht intíre sa talmhaíocht agus stocshealbhaíocht phoiblí chun críocha slándála bia. Bhí an tAontas ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun go dtiocfaí ar thoradh substainteach maidir le fóirdheontais iascaireachta, rialáil intíre ar sheirbhísí agus is oth léi nach rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna sin. Sa chomhthéacs sin, formhuiníonn an Chomhairle na Cinntí Aireachta a cuireadh i láthair ag an gcomhdháil.

4. Tá an Chomhairle fós an-tiomanta dul chun cinn a dhéanamh maidir le saincheisteanna eile in WTO, amhail ríomhthráchtáil agus FBManna, atá bunriachtanach don trádáil dhomhanda. Is díol sásaimh don Chomhairle an Ráiteas Comhpháirteach maidir le ríomhthráchtáil, lenar thacaigh an tAontas go gníomhach. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin na Ráitis Aireachta Chomhpháirteacha maidir le bunú clár oibre neamhfhoirmiúil WTO do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, maidir le hinfheistíocht don fhorbairt a éascú, agus maidir le rialáil intíre ar sheirbhísí. Leanfaidh an tAontas d'obair bhreise a chur chun cinn in WTO maidir le hinfheistíocht a éascú, chomh maith le trádáil agus le cumhachtú eacnamaíoch na mban, micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide, srianta ar onnmhairiú sa talmhaíocht agus fóirdheontais cothrománacha. Sa chomhthéacs sin, d'fhormheas an Chomhairle an dréacht-Dearbhú Aireachta.